Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10731 – APOLLO MANAGEMENT / PRIMAFRIO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 208/07)

1. An 13 Bealtaine 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Apollo Infrastructure Opportunities Fund II, L.P. ("Apollo", SAM), faoi rialú Apollo Management L.P. (SAM),

— Primafrío Corporación, S.A. (an "Sprioc-chuideachta", an Spáinn), faoi rialú aonair ag Krone-Mur Servifrío, S.L. ("Krone-Mur", an Spáinn) faoi láthair.

Gheobhaidh Apollo agus Krone-Mur comhrialú ar an Sprioc-chuideachta de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa cistí bainistíochta infheistíochtaí é Apollo, grúpa a infheistíonn i gcuideachtaí i ngnólachtaí éagsúla ar fud an domhain,

— oibreoir lóistíochta atá lonnaithe sa Spáinn agus atá gníomhach i seirbhísí seolta lasta agus seirbhísí lóistíochta conartha a sholáthar sa Spáinn agus sa Ghearmáin go príomha is ea an Sprioc-chuideachta.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10731 – APOLLO MANAGEMENT / PRIMAFRIO

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.